# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## An Ardteistiméireacht 2024

## Aistriúchán
## Ar Scéim Mharcála

## Léann Clasaiceach

## Ardleibhéal

**Online Marking Annotations**

| Siombail | Cur síos | Arna Léiriú |
|---|---|---|
|  | Líne chorrach cheartingearach | Tá leathanach/roinn gan aon ábhar ón iarrthóir feicthe ag an scrúdaitheoir |
| NR | Gan Freagra | Ní dhearnadh iarracht ar cheist iomlán |
| ✓ | Tic (bán) | Léadh an leathanach agus tá aon ábhar ón iarrthóir measta i dtreo an mhairc a bhronntar don cheist ábhartha |
| ✗ | X | Ábhar mícheart |
| ✓5 | Tic le huimhir | Líon na marcanna bronnta (m.sh. 5 mharc) |
| 0 | Náid | Gan aon mharc bronnta |
| [ ] | Lúibíní cearnógacha | Ábhar curtha san áireamh i ngach aonad forbartha (pointe) i gcás Cheisteanna 11b-16 |
| P1 | P1, P2, P3, P4 | Bronnadh marcanna ar gach ‘aonad forbartha’ (pointe) i gCeisteanna 11b-16 |
| Q | Q | Marc don Cháilíocht Ghinearálta i gCeisteanna 11b-16 |
| → | saighead | Nuair leanann aonad forbartha (pointe) ar aghaidh ar leathanach breise nó forlíontach i gCeisteanna 11b-16 |
| K | K | An marc a bronnadh ar Thuairiscín Eolais an TST i Roinn B |
| A | A | An marc a bronnadh ar Thuairiscín Anailíse an TST i Roinn B |
| E | E | An marc a bronnadh ar Thuairiscín Fianaise an TST i Roinn B |
| OC | OC | An marc a bronnadh ar Thuairiscín Comhleanúnachais Ghinearálta an TST |

<table>
<tr><td rowspan="2">Roinn A<br>Réasúnaíocht agus Cur chuige<br><br>(10 marc)</td><td colspan="2">Rannpháirtíocht mhaith<br>6 – 10</td><td colspan="2">Rannpháirtíocht bhunúsach<br>0 – 5</td></tr>
<tr><td colspan="2">• Aidhm an tionscadail leagtha amach<br>• Nasc leis an ábhar a leagtar síos<br>• Achoimre ar chur chuige an taighde agus/nó foinsí<br>**Ní gá leis na trí phointe go léir chun marcanna iomlána a fháil<br>NB: 10 marc, pointí sonracha a bhaineann leis an tionscadal ag teastáil</td><td colspan="2">• Iarracht déanta ar an aidhm a leagadh amach, nasc leis an ábhar a leagtar síos, nó tugtar achoimre ar chur chuige an taighde agus/nó foinsí</td></tr>
<tr><td rowspan="2">Roinn B<br>Aiste Fhada -<br>Eolas/<br>Tuiscint<br><br>(20 marc)</td><td>An-Chríochnúil<br>16 – 20</td><td>Críochnúil<br>10 – 15</td><td>Bunúsach<br>5 – 9</td><td>An-bhunúsach<br>0 – 4</td></tr>
<tr><td>• Sintéis ar eolas cruinn atá, domhain, leathan, agus a bhaineann go mór leis an ábhar roghnaithe<br>• Tuiscint an-mhaith ar an ábhar roghnaithe léirithe agus a gcomhthéacs níos leithne laistigh de na Clasaicí</td><td>• Achoimre ar eolas cruinn atá domhain nó leathan, ach bainteach leis an ábhar roghnaithe in easnamh in amanna.<br>• Tuiscint mhaith déanta ar an ábhar roghnaithe.</td><td>• Eolas a léiríonn iarrachtaí ar thaighde, ach tá neamhleanúnachas sa chruinneas nó sa bhaint leis an ábhar roghnaithe san áireamh<br>• Tuiscint mhaith déanta ar an ábhar roghnaithe in amanna</td><td>• Níl ach eolas cineálach nó fánach a bhaineann leis an ábhar roghnaithe, an t-ábhar a leagtar amach, nó réimse na gClasaicí ann<br>• Níl tuiscint fhoriomlán ar an ábhar roghnaithe curtha in iúl</td></tr>
<tr><td rowspan="2">Roinn B<br>Aiste Fhada -<br>Anailís/<br>Smaoineamh criticiúil<br><br>(20 marc)</td><td>An-Chríochnúil<br>16 – 20</td><td>Críochnúil<br>10 – 15</td><td>Bunúsach<br>5 – 9</td><td>An-bhunúsach<br>0 – 4</td></tr>
<tr><td>• Pléitear an anailís go stuama le pointí forbartha go láidir<br>• Scileanna smaointeoireachta criticiúla léirithe</td><td>• Pléitear an anailís go stuama le pointí forbartha<br>• Scileanna smaointeoireachta criticiúla maith nó an-mhaith</td><td>• Tá an anailís chineálach agus forbairt in easnamh<br>• Scileanna smaointeoireachta criticiúla léirithe in amanna</td><td>• Iarrachtaí déanta ar anailís, ach neamhrathúil den chuid is mó<br>• Ní théann sé i mbun anailíse/smaointeoireachta criticiúla</td></tr>
<tr><td rowspan="2">Roinn B<br>Aiste Fhada -<br>Taighde<br>Fianaise/<br><br>(20 marc)</td><td>An-Chríochnúil<br>16 – 20</td><td>Críochnúil<br>10 – 15</td><td>Bunúsach<br>5 – 9</td><td>An-bhunúsach<br>0 – 4</td></tr>
<tr><td>• Ionchorprú gníomhach d'fhoinsí, de thaighde, agus d'fhianaise san aiste<br>• Scrúdú agus anailís déanta ar fhoinsí, agus iad úsáidte mar fhianaise</td><td>• Foinsí san áireamh mar chuid den phlé / den fhorbairt ar phointí, nuair is ábhartha</td><td>• Tagairt déanta d'fhoinsí san aiste, más cuí</td><td>• Foinsí san áireamh sa leabharliosta amháin</td></tr>
</table>

| **Roinn C** Athbhreithniú & Machnamh<br><br>**(10 marc)** | Rannpháirtíocht mhaith<br>6 – 10 | Rannpháirtíocht bhunúsach<br>0 – 5 |
|---|---|---|
| | • Measúnú an tionscadail<br>• Machnamh déanta ar an tábhacht a bhaineann le taighde / tionscadal<br>• Féinmhachnamh déanta ar thaighde / próiseas scríbhneoireachta<br>****Ní gá leis na trí phointe go léir chun marcanna iomlána a fháil**<br>NB: 10 marc, pointí sonracha a bhaineann leis an tionscadal ag teastáil | • Iarracht déanta le hathbhreithniú a dhéanamh ar thaighde/ próiseas scríbhneoireachta nó machnamh a dhéanamh ar fhoghlaim |

| **Comhleanúnachas Foriomlán** *Cumarsáid & Struchtúr*<br><br>**(20 marc)** | An-chomhleanúnach<br>16 – 20 | Comhleanúnach den chuid is mó<br>10 – 15 | Comhleanúnachas in easnamh<br>5 – 9 | Neamh-chomhleanúnach<br>0 – 4 |
|---|---|---|---|---|
| | • Cur i láthair an-mhaith, le struchtúr eagraithe agus cur amach ar theanga atá éasca a leanúint san áireamh, fanann ar phointe agus fanann glan ar athrá.<br>• Aidhm na Tuairisce ar an Staidéar Taighde (TST nó 'RSR' i mBéarla) gnóthaithe den chuid is mó.<br>• Comhlíonann sé an chritéir mar a luaitear san Achoimre TST 2024<br>• Ardchaighdeán tagartha. | • Léirithe go maith ar an iomlán, le struchtúr agus teanga uileghabhálach atá éasca a leanúint, ach d'fhéadfaí eagarthóireacht a dhéanamh air chun an gcomhleanúnachas foriomlán a fheabhsú.<br>• Aidhm TST gnóthaithe go páirteach.<br>• Comhlíonann sé an chritéir mar a luaitear san Achoimre TST 2024. | • Curtha i láthair go maith in amanna, le hiarrachtaí déanta chun struchtúir áirithe agus smaointe uileghabhálach a chur i bhfeidhm.<br>• Níos mó taighde agus dréachtáil ag teastáil chun aidhm an TST a fháil.<br>• Comhlíonann sé an chritéir mar a luaitear san Achoimre TST 2024. | • Curtha i láthair go dona agus struchtúr in easnamh chomh dona sin nach bhfuil aidhm an TST curtha in iúl.<br>• Ní chomhlíonann sé an chritéir mar a luaitear san Achoimre TST 2024. |

**Le tabhairt d'aire an scrúdaitheora:**

- Léigh an Tuarascáil Staidéir Taighde ina hiomlán sula marcálann tú aon rud.
- Bí cúramach gan phionós a ghearradh ar ghiorracht sciliúil, ná cúiteamh d'fhad gan údar.

**Céimeanna marcála:**

1) An TST a léamh ina hiomláine
2) An TST a léamh athuair agus gach roinn di a mharcáil: Roinn A, Roinn B, Roinn C agus Comhleanúnachas Foriomlán

| ROINN A: | CEISTEANNA SPREAGTHA | 200 MARC |
|---|---|---|

- Is fiú 20 marc gach ceist.

| C | | | Marcanna |
|---|---|---|---|
| 1. | (a) | **2 mharc** an ceann:<br>(i) C, D, E, B, A<br>**NÓ**<br>(ii) E, D, B, C, A | **10** |
| | (b) | Míniú achomair ar an gcaoi ar chuir téarma amháin leis.<br>**10 marc** – míniú iomlán, soiléir ar an gcúnamh agus é go hiomlán cruinn<br>**7 marc** – páirteach; roinnt míniú ar an gcúnamh, cruinn den chuid is mó<br>**4 mharc** – bunúsach; ní mhínítear ach an téarma, gann ar phlé ar an gcaoi ar cuireadh le rath an airm | **10** |
| 2. | (a) | Cur síos ciallmhar ar an gcleachtas le tagairt don íomhá.<br>**1 mharc amháin** don téarma: *pompa / mórshiúl*<br>**1 mharc** do thagairt do shonra ar bith san íomhá<br>Suas le 6 mharc do chur síos ar chleachtas bunaithe ar leibhéal na sonraí<br>**6 mharc** iomlán; ar a laghad 3 phointe, go hiomlán cruinn<br>**4 mharc** páirteach; ar a laghad 2 phointe, cruinn den chuid is mó<br>**2 mharc** bunúsach; ar a laghad 1 phointe amháin<br><u>Ábhar Táscach</u><br>- An té atá básaithe ag luí sa lár, á iompar ag 9 gcaointeoir<br>- fliúiteadóirí agus séidirí coirn ar cheann an pompa<br>- is féidir an teaghlach a fheiceáil taobh thiar le sclábhaithe ar feadh ar a laghad 24 uair a chloig<br>- is féidir caointeoirí (gairmiúla) a fheiceáil ag tarraingt a gcuid gruaige agus ag ardú a lámha<br>- ag bogadh an choirp chun na huaighe | **8** |
| | (b) | **12 mharc,** i mbandaí<br>Míniú ciallmhar ag nascadh sochraidí le stádas sóisialta<br>**11-12**: iomlán – pointí iontach maithe, leibhéal ard forbartha agus úsáide fianaise<br>**8-10**: páirteach - pointí maithe, forbairt mhaith / úsáid mhaith fianaise<br>**5-7**: neamhchríochnaithe -ar a laghad pointe maith amháin déanta, roinnt forbartha nó fianaise<br>**1-4:** bunúsach; ar a laghad aon phointe cruinn amháin<br>Ábhar Táscach<br>- úsáid an pompa chun saibhreas a léiriú chun pátrúnacht a ghnóthú, ceangail a dhéanamh, ardú stádais -<br>- óráid (sochraide) a úsáid chun seasamh polaitiúil agus poiblíocht a ghnóthú<br>- léirigh féastaí saibhreas<br>- sampla ó sochraid stairiúil (m.sh. Mark Antony ag sochraid Chaesair) | **12** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| 3. | (a) | **1 mharc** an ceann**:** 1: fríos, 2: mullach/barr colúin; 3: cairiaitid. | **3** |
| | (b) | **1 mharc** an ceann: Aitéiné, Poiséadón, Séas, Héafaestas, Eirictéas, Cecrops, Boutes, Pandrosus | **3** |
| | (c) | **14 mharc,** i mbandaí.<br><br>Míniú ciallmhar ar an tábhacht sa tsochaí Aithneach.<br><br>**12-14**: iomlán – eolas an-mhaith ar ról an teampaill sa tsochaí Aithneach, anailís mhaith ar an tábhacht (ar a laghad 2 phointe)<br><br>**9-11**: páirteach – eolas an-mhaith ar ról an teampaill sa tsochaí Aithneach, roinnt anailís ar an tábhacht<br><br>**6-8**: neamhchríochnaithe - eolas maith, gann ar anailís<br><br>**1-5:** bunúsach; ar a laghad aon phointe cruinn amháin<br><br><u>Ábhar Táscach</u><br>- ról san Fhéile Panathenaic agus áit an dealbh cultais Aitéiné ann.<br>- suíomh an achrainn do phátrúnacht na hAithne;<br>- crann diaga agus marc trírinne;<br>- suíomh an nathair dhiaga Eirictéas.<br>- siombail éachtach de chumhacht na hAithne, atógáil an teampaill i ndiaidh an scriosta | **14** |
| 4. | (a) | 6 mharc, **1 mharc** gach ainm teampaill, **2 mharc** gach ainm pátrúin.<br>E: An Partanón, Pericles F: An Paintéón, Hadrian nó Trajan | **6** |
| | (b) | **14 mharc,** i mbandaí.<br><br>Míniú ciallmhar ar an bhfáth a gceaptar an teampall a bheith ina shárshampla ailtireachta<br><br>**12-14**: iomlán – eolas an-mhaith ar ailtireacht, anailís mhaith ar an bhfáth gur sárshampla ailtireachta é (ar a laghad 2 phointe)<br><br>**9-11**: páirteach - eolas an-mhaith ar ailtireacht, roinnt anailíse.<br><br>**6-8**: neamhchríochnaithe - eolas maith, gann ar anailís<br><br>**1-5:** bunúsach; ar a laghad aon phointe cruinn amháin<br><br>Ábhar Táscach | **14** |
| | | An Partanón:<br>*Eolas*: iontáis, cóimheas órga 9:4, barrchaolú, claonadh isteach ó orduithe stíleabáite, dóracha agus ianacha.<br>*Anailís*: siméadracht, seachmaill optúla, foirfeacht an chóimheasa, éacht innealtóireachta, cumasc d'ianach agus dórach, áilleacht na snoíodóireachta/dealbha, scála mórthaibhseach na tógála. | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | An Paintéón:<br>*Eolas*: cruinneachán, sféar laistigh den chruinneachán/cruinnteach, ábhar níos éadroime ar a bharr, fuinneoigín cruinn, áirsí inmheánacha agus boghtaí an chruinntí méid na gcolún marmair, gnéithe geoiméadracha istigh, draenacha.<br>*Anailís*: siméadracht, seachmaill optúla, foirfeacht an chóimheasa, éacht innealtóireachta, cumasc de chearnóg agus ciorclach, dáileadh meáchain/struis, áilleacht na snoíodóireachta/dealbha, scála mórthaibhseach na tógála. | |
| 5. | (a) | **2 mharc:** (Deus ex) machina nó mechane<br><br>**1 mharc:** craein | **2** |
| | (b) | 4 mharc, bunaithe ar chaighdeán an chur síos<br>**2 mharc**: seasann an t-aisteoir sa chiseán/ cuirtear in airde é agus iompaítear craein chun é a ardú agus<br>**2 mharc:** cuireann sé an carachtar os cionn an tseit le bheith le feiceáil mar dhia nó amhail is go bhfuil sé ag eitilt | **4** |
| | (c) | **14 mharc,** i mbandaí.<br>Measúnú soiléir, a thaispeánann tuiscint ar chonclúid na tragóide a bhfuil staidéar déanta air<br><br>**12-14**: iomlán – eolas an-mhaith ar an tragóid, meastóireacht mhaith ag baint úsáid as anailís<br><br>**9-11**: páirteach - eolas an-mhaith ar an tragóid, roinnt anailíse.<br><br>**6-8**: neamhchríochnaithe - eolas maith, gann ar anailís<br><br>**1-5:** bunúsach; ar a laghad aon phointe cruinn amháin<br><u>Ábhar Táscach</u><br>*Méidé*: meafar do shármhaitheas Mhéidé agus do náiriú Iasón; taispeánann déithe ar a taobh, ligeann di éalú go dtí an Aithin<br>*Philoctetes:* Cuireann Earcail, mar fhíor deus ex machina, ina luí ar Philoctetes imeacht don Traí, gníomhaíonn sé mar chatalaíoch do chinniúint Philoctetes agus freisin do Chogadh na Traí. | **14** |
| 6. | (a) | Cur síos mionsonraithe ar an radharc a thaispeántar den Chór.<br>**8 marc** – iomlán; cur síos an-mhionsonraithe, cuntais don íomhá iomlán.<br>**6 mharc** – páirteach; cur síos mionsonraithe, pointí sonracha<br>**4 mharc** – neamhchríochnaithe; cur síos mionsonraithe, pointí cineálacha den chuid is mó<br>**2 mharc** – bunúsach; pointe bailí amháin<br><br><u>Ábhar Táscach</u><br>- cór nó dithyramb ag féile Diníseas<br>- grúpa de 6 fear, ag ceol agus ag damhsa d'aon bhuille<br>- os comhair altóra/ thymele go Diníseas **nó** os comhair aisteoir sa tragóid<br>- lámha agus cosa ardaithe ag gluaiseacht<br>- léiríonn maisc gnúise comhchosúil **nó** caitheann siad go léir mionnaí ríoga cultacha cosúla, cur síos ar chultacha. | **8** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | (b) | **12 mharc,** i mbandaí<br><br>Cur síos soiléir maidir le tábhacht an Chóir, liteartha agus/nó sochaíoch<br><br>**11-12**: iomlán – fáthanna iontach maithe, leibhéal ard forbartha agus úsáide fianaise<br><br>**8-10**: páirteach - fáthanna maithe, forbairt mhaith / úsáid mhaith fianaise<br><br>**5-7**: neamhchríochnaithe -ar a laghad fáth amháin, roinnt forbartha nó fianaise<br><br>**1-4:** bunúsach; ar a laghad aon phointe cruinn amháin<br><br>Ábhar Táscach<br><br>- feidhmiú mar idirghabhálaí idir lucht féachana agus an aicsean, sos a sholáthar san aicsean<br>- guth morálta an dráma, béim ar na príomhthéamaí<br>- siamsaíocht a dhéanamh le roisc agus damhsa<br>- príomhtheachtaireacht an dráma a léiriú ar ais don lucht féachana<br>- tábhacht reiligiúnach/bunús reiligiúnach Traigéide Ghréagach a léiriú<br>- ceapachán polaitiúil ag archón choregos, séadchomharthaí do na buaiteoirí<br>- tábhacht chathartha, rannpháirtíocht na saoránach fireann, onóir an chomórtais a bhuachan | **12** |
| 7. | (a) | 6 mharc, **1 mharc** as ainm Gréigeach gach bandé, **1 mharc** as gach sonra bailí | **6** |
| | (b) | **2 mharc,** Breithiúnas Pháras nó cur síos iomlán<br>**1 mharc,** cur síos páirteach | **2** |
| | (c) | **12 mharc,** i mbandaí<br><br>Plé ciallmhar ar nádúr / feidhm a bhí ag déithe, le fianaise ón mhiotas<br><br>**11-12**: iomlán – fáthanna iontach maithe, leibhéal ard forbartha agus úsáide fianaise<br><br>**8-10**: páirteach - fáthanna maithe, forbairt mhaith / úsáid mhaith fianaise<br><br>**5-7**: neamhchríochnaithe -ar a laghad fáth amháin, roinnt forbartha nó fianaise<br><br>**1-4:** bunúsach; ar a laghad aon phointe cruinn amháin<br><br>**0**: miotas mícheart<br><br>Ábhar Táscach<br><br>- nádúr luaineach agus suarach na ndéithe; ag cur a ladar i saol daoine / ag lútáil ar dhaoine daonna<br>- cinniúint na ndaoine a chinneadh, níl déithe 'maith' nó morálta, míniúcháin ar anró sa domhan<br>- faoi deara an Cogadh Traí, taobhanna a ghlacadh i gCogadh na Traí bunaithe ar seo | **12** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| 8 . | (a) | Tuairim tacaithe ag sonraí íomhá agus eolas ar an téacs.<br>**6 mharc** – iomlán; cur síos an-mhionsonraithe<br>**4 mharc** – páirteach; cur síos mionsonraithe, tagairt shoiléir don íomhá<br>**2 mharc** – bunúsach; pointe bailí amháin, gan aon tagairt don íomhá<br>Ábhar Táscach<br>*Aontaím:* Nochtacht Odaiséas, seasann Násaice a fód agus maighdeana ag teitheadh, tagann Odaiséas as na toim srl.<br>*Easaontaím:* Níl Odaiséas brocach, níl dhéanann sé iarracht a nochtacht a chumhdach, gan aon trácht ar níochán Násaice. | **6** |
| | (b) | **2 mharc,** dáimhiúlacht, intleacht, géarintinneacht, bealach glic le focail, niachas, polytropos,etc. | **2** |
| | (c) | **12 mharc,** i mbandaí<br>Meastóireacht shoiléir, a léiríonn tuiscint ar Théacs A **nó** radharc eile san *Odaisé*<br>**11-12**: iomlán – saineolas an-mhaith ar an téacs, measúnú maith ag baint úsáid as anailís<br>**8-10**: páirteach - eolas an-mhaith ar an téacs, roinnt anailíse.<br>**5-7**: neamhchríochnaithe- saineolas maith, gann ar anailís **nó** anailís mhaith, gann ar fhianaise<br>**1-4:** bunúsach; ar a laghad aon phointe cruinn amháin<br>Ábhar Táscach<br>- Déanann Téacs A plámás ar Násaice, tuigtear conas í a mhealladh, faigheann sé cúnamh, faigheann sé meas<br>- samplaí eile ón *Odaisé*, m.sh. Polaiféamas, Circe, Cailíopsó.<br>- tréith léirithe ag carachtair eile, (m.sh. Péinealaipé le crann olóige) | **12** |
| 9. | (a) | **2 mharc,** eipic /fada (1 mharc) samhail (1 mharc) | **2** |
| | (b) | **12 mharc,** i mbandaí<br>Measúnú soiléir, le hanailís ar dhá shampla ón sliocht<br>**11-12**: iomlán – measúnú an-mhaith ag baint úsáid as anailís ar dhá shampla<br>**8-10**: páirteach - saineolas maith ar an téacs, ag úsáid anailís ar dhá shampla.<br>**5-7**: neamhchríochnaithe - saineolas maith, tagraítear do shampla amháin ar a laghad, gann ar anailís<br>**1-4:** bunúsach; ar a laghad aon phointe cruinn amháin | **12** |
| | (c) | **6 mharc**, 2 phointe maith **nó** 1 phointe amháin forbartha<br>**3 mharc,** 1-2 phointe bunúsacha<br>Ábhar Táscach<br>- leanann anam tar éis bháis, caitear mar an gcéanna le gach anam<br>- ní mór áit adhlactha cheart a fháil chun dul ar shlí na fírinne, ag iarraidh dul ar shlí na fírinne agus gan a bheith sáinnithe<br>- tá an domhan thíos plódaithe agus trí chéile, is cuid nádúrtha den saol é an bás<br>- saineolas ar thírdhreach an domhain thíos, Carón | **6** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| 10. | (a) | **10 marc,** i mbandaí.<br>Tuairim tacaithe ag anailís ar mhionsonraí Théacs A agus Téacs B. Is féidir aontú nó easaontú leis.<br><br>**8-10:** iomlán – anailís an-mhaith, ag úsáid samplaí ábhartha ó dhá théacs<br><br>**5-7:** páirteach - anailís mhaith, ag baint úsáid as ar a laghad sampla ábhartha amháin<br><br>**1-4:** ar a laghad pointe amháin cruinn<br><br><u>Ábhar Táscach</u><br>Sa dá théacs:<br>- luaitear nach gá eagla an bháis a bheith ort má tá saol maith caite agat<br>- moltar nár cheart go mbeadh tionchar ag cumhacht tromlaigh ar dhuine dul i gcoinne a chreidimh<br>- deirtear gurb ionann duine maith agus duine le misneach in aghaidh contúirte nó géarleanúna. | **10** |
| | (b) | 10 marc, **5 mharc** as gach argóint ag Sócraitéas.<br>**5 mharc**: míniú an-mhaith<br>**3-4 mharc**: míniú maith<br>**1-2 mharc**: Pointe bailí | **10** |

| ROINN B: | FREAGRAÍ FADA | 200 MARC |
|---|---|---|

**Ceist 11a** **(40 marc)**

**11(a)** Plé ar an ráiteas, le tacaíocht ó shonraí sonracha, cruinne, agus ábhartha ó ghairm Alasdair **nó** Chaesair.

| **Marcanna** | **11a Tuairisceoirí** |
|---|---|
| 36-40<br><br>Ar Fheabhas / Cuimsitheach | Léirítear eolas cuimsitheach agus an-sonrach ar an ábhar. Roghnaítear samplaí nó fianaise den scoth chun tacú le smaointe / tuairimí.<br>Tugtar aghaidh ar an gceist a chuirtear ar bhealach ciallmhar a bhfuil bunús tugtha leis. Tá gach smaoineamh agus/nó pointe fiúntach agus ábhartha.<br>o Rannpháirtíocht leis an ráiteas ina iomláine faoi Alasdair nó Chaesair |
| 31-35<br><br>An-Mhaith / Iomlán | Eolas an-mhaith léirithe ar an ábhar. Roghnaítear samplaí an-mhaithe nó fianaise an-mhaith<br>Tugtar aghaidh ar an gceist a chuirtear, ach ní ar bhealach ciallmhar i gcónaí. Tá an chuid is mó de na smaointe/ na pointí fiúntach agus ábhartha.<br>o Rannpháirtíocht leis an ráiteas |
| 21-30<br><br>Go Maith / Páirteach | Léiríonn eolas maith ar an ábhar, ach tá cuid de nach bhfuil ábhartha. Roghnaítear foinsí maithe nó fianaise, ach is minic nach dtacaítear le tuairimí / smaointe. Ní thugtar aghaidh ar bhealach ciallmhar le roinnt gnéithe den cheist.<br>Tá roinnt smaointe/ pointí fiúntach agus ábhartha.<br>o Rannpháirtíocht leis an ráiteas |
| 11-20<br><br>Bunúsach | Léirítear roinnt eolais nó tuisceana ar an ábhar. Ní roghnaítear mórán samplaí ná fianaise nó ní roghnaítear samplaí ná fianaise ar bith chun tacú le pointí / tuairimí.<br>Ní thugtar aghaidh ar an gcuid is mó den cheist nó ar ghnéithe ar bith, agus níl struchtúr ann. Tá easpa aidhme agus ábharthachta ag baint le go leor smaointe/ pointí. |
| 1-10<br><br>An-bhunúsach | Easpa tuisceana ar an ábhar agus mí-ábhartha/ gan sonraí. Gan samplaí ná fianaise chun tacú le pointí.<br>Easpa aidhme agus ábharthachta ag baint leis an gcuid is mó de smaointe/ pointí. |

**Ceist 11 (b) – Ceist 16: Ceisteanna 80 marc ar stíl aiste**

Le haghaidh gach ceann de na ceisteanna seo ar stíl aiste úsáidtear scéim mharcála chomhchoiteann agus tá sé roinnte ina dá chuid:

- Forbairt ábhair ag teastáil chun an cheist a fhreagairt go hiomlán (60 marc)
- Caighdeán fhoriomlán an fhreagra (20 marc)

NB: Ceisteanna fo-roinnte, mar shampla Ceist 14 agus 16 sa scrúdpháipéar seo:

- Ní mór go dtabharfaí aghaidh ar an gceist iomlán (cuid a agus b) san fhreagra chun níos mó ná trí haonad forbartha le cur san áireamh sna marcanna le haghaidh Fhorbairt Ábhair
- Ní mór go dtabharfaí aghaidh ar an gceist iomlán (cuid a agus b) ar an bhfreagra le go measfaí a Chaighdeán Iomlán mar bheith os cionn raon an Chaighdeáin Ísil.
- Is féidir ábhair a chuirtear san áireamh i ngach cuid a bhronnadh ar cheachtar cuid, áit is ábhartha, ach ar bhealach nach ndéantar é a chomhaireamh faoi dhó.

**Forbairt Ábhair (60 marc)**

- 15 mharc in aghaidh aonad forbartha
- Gnéithe d'aonad forbartha: déanann an t-iarrthóir **pointe** ábhartha, áirítear fianaise ábhartha chun tacú leis an bpointe (**eolas**/tuiscint) agus forbraítear an pointe (**anailís**/míniú breise/plé).
- Marcáiltear gach aonad forbartha bunaithe ar a leibhéal forbartha:
  - 14-15 le haghaidh pointe thar a bheith forbartha
  - 12-13 le haghaidh pointe dea-fhorbartha
  - 10-11 mharc le haghaidh pointe fhorbartha
  - 3-9 marc le haghaidh pointe bhunúsaigh
- Cuardaigh 4 aonad forbartha (P1, P2, P3, P4)

**Cáilíocht Fhoriomlán (20 marc)**

- Plé foriomlán leis an gceist **agus** tuiscint fhoriomlán ar ábhar gaolmhar

<u>16-20: Caighdeán Ard</u>

- tá an anailís / meastóireacht ciallmhar, leagtha amach go maith, agus tacaithe le pointí ábhartha, cruinne agus éagsúla.

<u>11-15: Dea- Chaighdeán</u>

- Díríonn an anailís ar an gceist; tá na pointí leagtha amach go maith agus tacaithe ag fianaise ábhartha agus chruinn.

<u>1-10: Caighdeán Íseal</u>

- plé teoranta leis an gceist; iarracht pointí a dhéanamh, ach tá easpa fianaise/samplaí chun tacú leis na pointí a dhéantar; braitheann ar insint den chuid is mó.

Sampla de struchtúr aiste le ceithre hAonad Forbartha

| | | |
|---|---|---|
| Pointe/ Alt | 1 | Déanann pointe, cuirtear fianaise san áireamh agus déantar forbairt. |
| Pointe/ Alt | 2 | Cuirtear leis an bpointe roimhe trí fhianaise nua a chur san áireamh agus forbairt nua/bhreise.<br>**NÓ**<br>Déantar pointe nua, cuirtear fianaise san áireamh agus déantar forbairt. |
| Pointe/ Alt | 3 | Cuirtear leis an bpointe roimhe trí fhianaise nua a chur san áireamh agus forbairt nua/bhreise.<br>**NÓ**<br>Déantar pointe nua, cuirtear fianaise san áireamh agus déantar forbairt. |
| Pointe/ Alt | 4 | Cuirtear leis an bpointe roimhe trí fhianaise nua a chur san áireamh agus forbairt nua/bhreise.<br>**NÓ**<br>Déantar pointe nua, cuirtear fianaise san áireamh agus déantar forbairt. |

| Marcanna Gráid | Tuairisceoirí gráid do mharcanna foriomlána a bronnadh ar Cheisteanna 11b-16 |
|---|---|
| 72-80<br><br>H1 | Léiríonn eolas cuimsitheach agus sonrach ar an ábhar. Roghnaíonn fianaise den scoth chun tacú lena bpointí agus a bplé. Tugtar aghaidh ar an gceist a chuirtear ar bhealach ciallmhar a bhfuil bunús tugtha leis.<br>Tá an chuid is mó de na smaointe/ na pointí fiúntach agus ábhartha, agus léiríonn siad go léir smaointeoireacht an-chruthaitheach/an-chriticiúil.<br>• Dhá phointe thar a bheith forbartha ar a laghad |
| 64-71<br><br>H2 | Léiríonn eolas an-mhaith ar an ábhar.<br>Roghnaíonn fianaise an-mhaith chun tacú lena bpointí agus a bplé. Tugtar aghaidh ar an gceist, ach ní ar bhealach leanúnach ná ciallmhar i gcónaí.<br>Tá an chuid is mó de na smaointe/ na pointí fiúntach agus ábhartha, agus léiríonn go leor acu smaointeoireacht chruthaitheach/chriticiúil.<br>• Pointí dea-fhorbartha den chuid is mó |
| 56-63<br><br>H3 | Léiríonn eolas maith ar an ábhar, ach tá cuid de nach bhfuil ábhartha.<br>Roghnaíonn fianaise mhaith, ach ní thacaíonn an fhianaise go léir lena gcuid pointí agus a bplé.<br>Ní thugtar aghaidh ar bhealach leanúnach ná ciallmhar ar roinnt gnéithe den cheist. Tá an chuid is mó de na smaointe/ na pointí fiúntach agus ábhartha, agus léiríonn go leor acu smaointeoireacht chruthaitheach/chriticiúil.<br>• Roinnt pointí dea-fhorbartha |
| 48-55<br><br>H4 | Léiríonn eolas maith ar an ábhar.<br>Roghnaíonn fianaise chun tacú le pointí ach tá an plé teoranta.<br>Ní thugtar aghaidh ar bhealach ciallmhar le roinnt gnéithe den cheist.<br>Tá an chuid is mó de na smaointe/ na pointí fiúntach agus ábhartha, agus léiríonn roinnt smaointeoireachta cruthaithí/criticiúla. |
| 40-47<br><br>H5 | Léiríonn roinnt eolais ar an ábhar, ach sonraí neamhábhartha iad go leor acu.<br>Roghnaíonn fianaise lag nó neamhábhartha nach dtacaíonn go sásúil le pointí ná plé. Ní thugtar aghaidh ar bhealach ciallmhar ar go leor gnéithe den cheist.<br>Tá roinnt de na smaointe/ na pointí fiúntach agus ábhartha, agus léiríonn leibhéal bunúsach de smaointeoireacht chruthaitheach/chriticiúil. |
| 1-39<br><br>H6-8 | Léirítear eolas nó tuiscint theoranta ar an ábhar. Ní roghnaíonn mórán fianaise/fianaise ar bith chun tacú lena gcuid pointí agus a bplé.<br>Ní thugtar aghaidh ar an gcuid is mó de na gnéithe den cheist nó ar na gnéithe go léir, agus níl aon struchtúr ciallmhar air. Tá easpa aidhme agus ábharthachta ag gabháil leis an gcuid is mó de na smaointe nó na smaointe ar fad, agus léirítear leibhéal an-bhunúsach de smaointeoireacht chruthaitheach/chriticiúil ar a mhó. |